Cuntas Leithreasa 2021

# Vóta 22

# An tSeirbhís Chúirteanna

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 22, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 ar cibé tuarastail agus costais de chuid na Seirbhíse Cúirteanna agus na Cúirte Uachtaraí, na Cúirte Achomhairc, na hArd-Chúirte, na Cúirte Coiriúla Speisialta, na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche agus cibé mionseirbhísí áirithe eile nach ngearrtar ar an bPríomh-Chiste.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus
b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2021, as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2020, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais, 2004, maidir le géilleadh iarchurtha.

Dlitear farasbarr €1.048 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Tá an tSeirbhís á rialú ag Bord ina bhfuil cathaoirleach agus 17 gcomhalta eile. I gcomhréir leis an Acht um Sheirbhís Chúirteanna, 1998, tá téarma oifige trí bliana ag an mBord. Bunaíodh an Bord reatha an 9 Samhain 2020. Tá an Bord freagrach as beartais a chinneadh don tSeirbhís agus maoirseacht a dhéanamh ar a gcur chun feidhme. Comhlíonann sé na freagrachtaí sin go díreach agus trí choistí an Bhoird.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorcláin 1 agus 9 de 2022, chun feidhme an cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas.

***Talamh agus foirgnimh a luacháil***

Déantar foirgnimh a luacháil gach cúig bliana ar bhonn costas dímheasta athsholáthair. Is é an costas dímheasta athsholáthair an costas reatha ar an tsócmhainn a athsholáthar lena coibhéis nua-aimseartha lúide asbhaint i dtaobh meath fisiciúil agus i leith gach cineáil ábhartha de dhífheidhmeacht agus barrfheabhsú. Déantar talamh agus foirgnimh nach bhfuil in úsáid ach a theastaíonn le haghaidh forbairt amach anseo a luacháil de réir luach margaidh.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an tSeirbhís Chúirteanna córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m’oibleagáidí eile mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an tSeirbhís Chúirteanna agus an tIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais, Cill Airne, le haghaidh seirbhísí comhroinnte airgeadais a sholáthar agus idir an tSeirbhís Chúirteanna agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte le haghaidh seirbhísí acmhainní daonna agus seirbhísí párolla a sholáthar.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó na hOifigigh Chuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte agus ón Ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais, Cill Airne, á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don tSeirbhís Chúirteanna.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas mar chuid di.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla le haghaidh teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus le haghaidh gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Doiciméadaíodh nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.
- Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí i leith an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe

- go bhfuil córas cuí buiséadaithe i bhfeidhm lena mbaineann buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta

- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis an bhfeidhmíocht thuartha
- go n-oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den tSeirbhís Chúirteanna
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann.

***An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca***

Deimhním go bhfuil Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ag an tSeirbhís Chúirteanna. Tá an Coiste ina fhochoiste de chuid Bhord na Seirbhíse Cúirteanna. Is é ról an Choiste maoirseacht a dhéanamh ar an mBord agus ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin/Oifigeach Cuntasaíochta, agus comhairle agus tacaíocht a thabhairt dóibh, trí na dearbhuithe a athbhreithniú maidir le raon ábhar, lena n-áirítear sláine na rialuithe inmheánacha, na bainistíochta riosca agus na ráiteas airgeadais. Feidhmíonn an Coiste faoi chairt scríofa agus tuairiscíonn sé gach bliain do Bhord na Seirbhíse Cúirteanna. Déanann sé an clár oibre bliantúil iniúchóireachta inmheánaí a athbhreithniú agus a fhaomhadh freisin.

***Iniúchóireacht inmheánach***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an tSeirbhís Chúirteanna, rud ag a bhfuil pearsanra a bhfuil an oiliúint chuí curtha orthu agus a oibrítear i gcomhréir le cairt scríofa a d’fhaomh Bord na Seirbhíse Cúirteanna. Bíonn a cuid oibre bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais agus oibríochtúla a bhfuil an Roinn neamhchosanta orthu agus bíonn a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé d’aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chuimsiú ar bhonn rollach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomh leantach i leith thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair***

Cinntíonn an tSeirbhís Chúirteanna go bhfuil díriú cuí ann ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le haghaidh comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú.

Chomhlíon an tSeirbhís Chúirteanna na treoirlínte ach amháin i gcás 15 chonradh (ar mhó a luach ná €25,000) dar luach iomlán €2,434,458 (gan CBL a áireamh), mar atá leagtha amach thíos.

- Conradh amháin dar luach €1,248,198 a bhaineann le seirbhísí ateangaireachta. Ní fhéadfaí an conradh seo a fhadú toisc go bhfuil creat OSR faoi réir agóidí dlíthiúla.
- Dhá chonradh dar luach €413,281 a bhaineann le moill ar chonradh rialtais láir a chur i bhfeidhm do sheirbhísí gutháin póca agus sonraí agus seirbhísí teileafónaíochta gutha sheasta. Tá an dá chonradh i bhfeidhm ó mhí Dheireadh Fómhair 2021 agus ráithe 2 de 2022 faoi seach.
- Dhá chonradh dar luach €235,923 ar cuireadh creatchonradh ilsoláthraithe ina n-ionad i mí Lúnasa 2021 chun seirbhísí tacaíochta agus forbartha ardán córas a sholáthar.

- Dhá chás dar luach €210,633 do sheirbhísí a bhaineann leis an Acht Fíneálacha (Íoc agus Gnóthú), 2014, tar éis dhul in éag an chonartha bunaidh. Tá an tSeirbhís Chúirteanna ag fanacht le moltaí ó ghrúpa oibre ar an Acht maidir le cé acu an mbeidh gá le seirbhísí den sórt sin agus an gcuirfear iad ar tairiscint an athuair.
- Ceithre chás dar luach €110,775 do réimse seirbhísí ar nós obair deartha ghrafaigh, meaisíní frainceála, seirbhísí deachtaithe dhigitigh, agus saintuarascálacha leighis. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar na seirbhísí sin d'fhonn soláthairtí nua a sheoladh, nuair is gá.
- Conradh amháin dar luach €64,173 mar gheall ar sheirbhísí bainistíochta tionscadal a fadaíodh tar éis dháta éaga an chonartha. Tá conradh i bhfeidhm ó mhí an Mhárta 2021.
- Conradh amháin dar luach €63,685 do sheirbhísí cúiréireachta atá criticiúil ó thaobh ama de. Reáchtáladh comórtas soláthair agus tá conradh á dhámhachtain i ráithe 1 de 2022.
- Cás amháin dar luach €57,563 ar chostais seirbhísí teileafónaíochta.
- Conradh amháin dar luach €30,227 do sheirbhísí bainistithe TFC. Tá conradh i bhfeidhm ó mhí Feabhra 2021.

Sholáthair an tSeirbhís Chúirteanna sonraí faoi 12 chonradh neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Rialachas***

Tá an dea-rialachas ina chuid bhunúsach d'fheidhmiú na Seirbhíse. Leagtar amach i g*Creat Rialachais Chorparáidigh* na Seirbhíse Cúirteanna an bonn reachtúil ar a bhfeidhmímid, lena n-áirítear na socruithe rialachais atá i bhfeidhm, feidhmeanna agus struchtúr eagrúcháin, cuntasacht agus socruithe um dhearbhú iniúchóireachta. Foilsíodh an creat sin in 2016 agus tugadh cothrom le dáta é in 2019. Tá comhaontú maoirseachta i bhfeidhm ag an tSeirbhís Chúirteanna leis an Roinn Dlí agus Cirt freisin.

Tá *Creat Rialachais Chorparáidigh* na Seirbhíse ag teacht leis na príomhghnéithe den *Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016*. Tá sé ag teacht freisin le *Caighdeán Rialachais Chorparáidigh* na Státseirbhíse.

***Creat riosca agus rialaithe***

Chuir an tSeirbhís córas bainistíochta i bhfeidhm lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí agus na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí corparáideacha i bhfeidhm ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh an tSeirbhís. Déantar meastóireacht agus grádú orthu sin de réir a dtábhachta. Déanann an Fhoireann Ardbhainistíochta agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú ráithiúil ar an gclár rioscaí corparáideacha. Bíonn bainistíocht riosca ina buanmhír do Bhord na Seirbhíse Cúirteanna agus tuairiscíonn an Príomhoifigeach Riosca don Bhord ar oibríochtaí bainistíochta riosca. Úsáidtear torthaí na n-athbhreithnithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú de réir leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na gníomhartha beartaithe a theastaíonn chun rioscaí a shainaithnítear a mhaolú agus sanntar ann freagracht as oibriú rialuithe do bhaill shonracha foirne.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Fhoireann Ardbhainistíochta, nuair is iomchuí. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an tSeirbhís chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Déantar an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais a threorú ag obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den tSeirbhís atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor sainaithníodh laigí ar bith sa rialú inmheánach airgeadais maidir leis an mbliain 2021 as ar eascair caillteanas ábhartha nó as a bhféadfadh caillteanas ábhartha eascairt.

Déanann an tSeirbhís athbhreithniú agus cur i bhfeidhm leanúnach ar mholtaí a eascraíonn as iniúchadh an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus iniúchadh inmheánach chun an timpeallacht rialaithe a threisiú, go háirithe sna réimsí seo a leanas: bainistíocht soláthair agus conarthaí; bainistíocht taifead; agus slándáil agus bonneagar TFC. Is próiseas leanúnach é sin agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

***Saincheisteanna rialaithe Covid-19***

Lean na hathruithe ar an timpeallacht oibre agus rialaithe a bhain le teacht na cianoibre agus na hoibre fíorúla in 2020 mar thoradh ar thionchar phaindéim Covid-19 ar aghaidh ar fud na bliana 2021.

Mar chuid den fhreagairt tosaigh don phaindéim in 2020, bunaíodh Foireann Bainistíochta Freagartha Covid-19 chun plean freagartha gnó a fhorbairt. Bhí clár bainistíochta sábháilteachta Covid-19 ina chuid lárnach den phlean. Lean an fhoireann seo ag feidhmiú i rith 2021, lenar áiríodh cumarsáid rialta a dhéanamh leis an bhFoireann Ardbhainistíochta, leis na Breithiúna agus le príomhpháirtithe leasmhara. Rinne an fhoireann Clár Bainistíochta Sábháilteachta Covid-19 a nuashonrú agus a chur in iúl go rialta do gach úsáideoir Cúirte, de bhun comhairle ón bhFoireann Náisiúnta Éigeandála Sláinte Poiblí agus ó FSS i rith 2021. Lean na bearta seo a leanas a tugadh isteach in 2020 ar aghaidh in 2021

- measúnuithe riosca ar gach foirgneamh a nuashonrú i gcomhréir le prótacail sláinte agus sábháilteachta, agus roinnt beart dea-chleachtais amhail scáileáin, bainistiú sreafa daoine agus bearta dea-shláinteachais á gcoinneáil.
- Clár Bainistíochta Sábháilteachta Covid-19 a nuashonrú agus a chur in iúl chun prótacail éagsúla nuashonraithe rialtais a léiriú (e.g., *Prótacal um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte, Prótacal um Obair go Sábháilte*).
- éisteachtaí cúirte a thionól go cianda agus úsáid leanúnach a bhaint as físchomhdhálacha.
- tús áite a thabhairt do chásanna, go háirithe cásanna dlí teaghlaigh, cásanna foréigin teaghlaigh agus cásanna coimeádta leanaí agus socruithe idirthréimhseacha prótacail do 2022.
- a bheith ag obair le Bainisteoirí Réigiúnacha, oifigí áitiúla, stiúrthóireachtaí agus Ionadaithe Oibrithe Covid-19 ar bhonn leanúnach chun a chinntiú go raibh clár Bainistíochta Sábháilteachta Covid-19 á chur i bhfeidhm agus á chomhlíonadh.

Coinníodh príomhrialuithe íocaíochta ar bun i rith na paindéime. Mar sin féin, bhí sé riachtanach athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis áirithe chun ceadú cianda sonrasc agus foirmeacha íocaíochta trí ríomhphost a éascú nuair ba ghá. Cuireadh cianrochtain shlán ar fáil ar chórais atá ann cheana chun rochtain a thabhairt do bhaill foirne a bhí ag obair go cianda.

Tabhaíodh €4.3 milliún san iomlán ar chaiteachas a bhaineann le Covid-19 in 2021 (€5.4 milliún in 2020), go príomha maidir le TFC, caipiteal tí cúirte agus cothabháil. Bhí tionchar suntasach ag Covid-19 ar ioncam ó tháillí cúirte, go príomha mar gheall ar laghdú ar cheadúnú agus ar ghnó sibhialta. Mar thoradh air sin, bhí easnamh táillí €17.03 milliún ann in 2021 (€17.081 milliún in 2020).

**Angela Denning**
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSeirbhís Chúirteanna

28 Márta 2022

## An tArd Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 22 An tSeirbhís Chúirteanna

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 22 An tSeirbhís Chúirteanna don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 22 An tSeirbhís Chúirteanna don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'fhorordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna bhfógairt ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nUasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an tSeirbhís Chúirteanna agus tá na freagrachtaí eiticiúla eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín leis an tuarascáil seo.

***Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair***

Tá sé nochta ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais nár comhlíonadh rialacha soláthair náisiúnta i gcásanna áirithe maidir le conarthaí a bhí i bhfeidhm in 2021.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

28 Meán Fómhair 2022

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

#### Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

#### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

## Vóta 22 An tSeirbhís Chúirteanna

# Cuntas Leithreasa 2021

| | | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas an chláir** | | | | | |
| A | Na cúirteanna a bhainistiú agus tacú leis na breithiúna | | | | |
| | *Bunaidh* | 158,515 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 4,895 | | | |
| | *Forlíontach* | (4,000) | | | |
| | | | 159,410 | 154,092 | 154,628 |
| **Ollchaiteachas** | | | **159,410** | **154,092** | **154,628** |
| | *Lúide* | | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | | | |
| | *Bunaidh* | 34,633 | | | |
| | *Forlíontach* | (7,000) | | | |
| | | | **27,633** | **27,011** | **32,634** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 123,882 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 4,895 | | | |
| | *Forlíontach* | 3,000 | | | |
| | | | **131,777** | **127,081** | **121,994** |

**Farasbarr**

Dlitear farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a caitheadh a ghéilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadfar na leithreasaí neamhchaite go léir nó cuid díobh do sheirbhísí soláthair caipitil a thabhairt anonn lena gcaitheamh an bhliain dár gcionn. Tugadh €3.648 milliún de leithdháiltí neamhchaite maidir le gnéithe caipitil d'fho-mhírchinn A.2 agus A.4 anonn go 2022.

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr | 4,695,710 | 7,251,177 |
| Géilleadh iarchurtha | (3,648,000) | (4,895,000) |
| **Farasbarr le géilleadh** | **1,047,710** | **2,356,177** |

**Angela Denning**
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSeirbhís Chúirteanna

28 Márta 2022

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

| | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas an chláir | | 43,014 | 50,831 |
| Pá | | 59,425 | 57,556 |
| Neamhphá | | 51,653 | 46,241 |
| **Ollchaiteachas** | | **154,092** | **154,628** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **27,011** | **32,634** |
| **Glanchaiteachas** | | **127,081** | **121,994** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid thirim | (5,632) | | |
| Dímheas | 9,153 | 3,521 | 3,401 |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 1,642 | | |
| Laghdú ar stoc | (218) | 1,424 | (1,648) |
| **Caiteachas díreach** | | **132,026** | **123,747** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 59,232 | 53,608 |
| Measchíosanna [a] | | 3,605 | 3,605 |
| **Glanchostas an chláir** | | **194,863** | **180,960** |

Nóta [a] Measchíosanna i leith foirgnimh atá faoi úinéireacht Oifig na nOibreacha Poiblí agus atá á n-áitiú ag an tSeirbhís Chúirteanna.

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara na suimeanna seo a leanas i dtaca le Vóta 22 a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 207 | 198 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 17,330 | 14,689 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 1,366 | 436 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 120 | 116 |
| Vóta 20 | An Garda Síochána | 149 | 200 |
| Vóta 24 | Dlí agus Ceart - An tIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais | 332 | 303 |
| An Príomh-Chiste - tuarastail agus pinsin na mbreithiúna | | 39,728 | 37,666 |
| | | **59,232** | **53,608** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2021

| | Nóta | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 344,385 | 204,675 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 4,777 | 5,865 |
| Stoic | 2.3 | 444 | 226 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.4 | 3,229 | 3,860 |
| Ioncam fabhraithe | | 1,054 | 1,999 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 3,015 | 4,012 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **12,519** | **15,962** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | 2.6 | 2,954 | 2,889 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.7 | 3,950 | 4,823 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.8 | 3,840 | 5,054 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **10,744** | **12,766** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 1,775 | 3,196 |
| **Glansócmhainní** | | **346,160** | **207,871** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.9 | **346,160** | **207,871** |

## 2.1 Sócmhainní Caipitil

| | Talamh agus Foirgnimh [a, b] | Trealamh TF agus oifige | Troscán agus feistis | Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021 | 266,398 | 59,079 | 31,626 | 1,370 | 358,473 |
| Breiseanna | 262 | 1,294 | — | 4,076 | 5,632 |
| Tugtha in úsáid | 676 | 342 | — | (1,018) | — |
| Athluachálacha | 137,824 | — | — | — | 137,824 |
| Diúscairtí | — | (24) | (73) | — | (97) |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021 | 405,160 | 60,691 | 31,553 | 4,428 | 501,832 |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021 | 75,145 | 47,712 | 30,941 | — | 153,798 |
| Dímheas don bhliain | 5,178 | 3,837 | 138 | — | 9,153 |
| Dímheas ar athluachálacha | (5,407) | — | — | — | (5,407) |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (24) | (73) | — | (97) |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021 | 74,916 | 51,525 | 31,006 | — | 157,447 |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021** | **330,244** | **9,166** | **547** | **4,428** | **344,385** |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020 | 191,253 | 11,367 | 685 | 1,370 | 204,675 |

Nótaí

[a] Foráiltear le halt 26 den Acht um Sheirbhís Chúirteanna, 1998, go n-aistreofar teideal dlíthiúil chuig an tSeirbhís Chúirteanna i leith talamh agus foirgnimh áirithe.

[b] Tá 46 fhoirgneamh agus cúig láithreán ag an tSeirbhís Chúirteanna faoi láthair. Rinneadh luacháil ar gach foirgneamh agus láithreán agus léirítear iad sna hiarmhéideanna sócmhainní caipitil sa tábla thuas. Mar gheall ar mheascán d'fhadhbanna cumais leis an Oifig Luachála agus na srianta a forchuireadh mar thoradh ar phaindéim Covid-19, tá na luachálacha ar 41 cheann d'fhoirgnimh nó de láithreáin níos mó ná cúig bliana d'aois. D'oibrigh an tSeirbhís Chúirteanna leis an Oifig Luachála, áfach, agus tá sé beartaithe roinnt athluachálacha a dhéanamh in 2022, agus déanfar na hathluachálacha eile in 2023 agus 2024.

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 2,812 | 3,801 |
| Iarmhéid cuntas bainc tráchtála [a] | 1,965 | 2,064 |
| | **4,777** | **5,865** |

Nóta [a] Is ionann é seo agus iarmhéideanna na gcuntas bainc a bhaineann leis an Státchiste arna gcoinneáil ag an tSeirbhís Chúirteanna ag an 31 Nollaig gach bliain. Níl an tsuim €11.533 milliún ar áireamh san iarmhéid cuntais (€9.468 milliún in 2020) atá luaite thuas. Is éard atá i gceist leis seo go príomha ná maoiniú nach maoiniú ón Státchiste é a bhaineann le lóisteáil íocaíochtaí cothaithe faoin dlí teaghlaigh, lóisteáil airgid ar bhannaí agus fáltais boscaí déirce cúirte.

## 2.3 Stoic

| ag an 31 Nollaig | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Stáiseanóireacht | 136 | 143 |
| Ábhar inchaite TF | 283 | 46 |
| Ilghnéitheach | 25 | 37 |
| | **444** | **226** |

## 2.4 Réamhíocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| A.2 Riarachán – neamhphá | 2,691 | 3,321 |
| A.3 Teach Cúirte (oibreacha caipitil) | 538 | 539 |
| | **3,229** | **3,860** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Réamhíocaíochtaí le OOP | 2,393 | 3,357 |
| Tuarastail a fhorchúiteamh | 190 | 168 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 393 | 454 |
| Óinchistí | 39 | 33 |
| | **3,015** | **4,012** |

## 2.6 Speansais fhabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| A.2 Riarachán – neamhphá | 2,639 | 1,633 |
| A.3 Teach Cúirte (oibreacha caipitil) | — | 93 |
| A.4 Costais CPP | 315 | 1,163 |
| | **2,954** | **2,889** |

## 2.7 Iarmhéideanna sochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 866 | 1,100 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 139 | 68 |
| Cáin bhreisluacha | 60 | 646 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 506 | 507 |
| Fíneálacha | 111 | 118 |
| Cistí atá le géilleadh don Státchiste [a] | 1,965 | 2,064 |
| | **3,647** | 4,503 |
| Asbhaintí párolla á gcoinneáil ar fionraí | 298 | 318 |
| Míreanna sochair eile ar fionraí | 5 | 2 |
| | **3,950** | **4,823** |

Nóta [a] Is ionann an t-iarmhéid seo agus na hiarmhéideanna a bhaineann leis an Státchiste sna cuntais bhainc atá i seilbh na Seirbhíse Cúirteanna ag an 31 Nollaig gach bliain.

## 2.8 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|
| Farasbarr le géilleadh | 1,048 | 2,356 |
| Géilleadh iarchurtha | 3,648 | 4,895 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (855) | (2,197) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **3,841** | **5,054** |
| | | |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 4,777 | 5,865 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 3,014 | 4,012 |
| | 7,791 | 9,877 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (3,647) | (4,503) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (303) | (320) |
| | (3,950) | (4,823) |
| | | |
| | **3,841** | **5,054** |

## 2.9 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 207,871 | 209,868 |
| | | | | |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 131,777 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (1,048) | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (3,648) | | |
| Glanvóta | | | 127,081 | 121,994 |
| | | | | |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 59,232 | 53,608 |
| Neamhairgead | | | | |
| Measchíos | 1 | | 3,605 | 3,605 |
| Míreanna neamhairgid | | | 3 | — |
| Aistriú sócmhainní | 2.1 | | — | (244) |
| Athluachálacha | 2.1 | | 143,231 | — |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (194,863) | (180,960) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **346,160** | **207,871** |

## 2.10 Ceangaltais

| **a) Ceanglais dhomhanda**<br>ag an 31 Nollaig | **2021**<br>**€000** | **2020**<br>**€000** |
|---|---|---|
| Earraí agus seirbhísí a sholáthar | | |
| Earraí agus seirbhísí eile [a] | 12,379 | — |
| TFC [b] | 47,822 | 15,107 |
| Léasanna [c] | 31,498 | 11,818 |
| Iasacht athchóirithe don Teach Cúirte, Sráid Washington [d] | 5,622 | 7,287 |
| Tionscadail Chomhpháirtíochta Príobháidí Poiblí | 629,788 | 663,923 |
| **Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí** | **727,109** | **698,135** |

Nótaí

a Bhrúigh an tSeirbhís an méadú ar cheangaltais eile maidir le hearraí agus seirbhísí in 2021 go príomha trí chonradh mór a dhéanamh i ráithe 1 de 2021 le haghaidh seirbhísí comhairleoireachta gnó agus bainistíochta agus TFC a sholáthar don chlár nuachóirithe.

b Bhrúigh an tAonad TFC an méadú ar cheangaltais TFC in 2021 trí 14 chonradh nua a dhéanamh in 2021, agus iad dar luach saoil measta €33 mhilliún tráth a rinneadh iad.

c Ba é léas athnuachana Fhoirgneamh Theach an Fhionnuisce, Margadh na Feirme, an phríomhchúis leis an méadú ar cheangaltais léasa.

d Baineann an ceangaltas seo le hiasacht a tógadh chun athchóiriú an tí cúirte ag Sráid Washington, Corcaigh, a mhaoiniú. Tá príomhghné (caipitil) na hiasachta sin a bhí gan íoc ag deireadh na bliana, arbh ionann í agus €5.055 milliún (2020: €6.435 milliún), nochta faoi nóta 2.10 (b) – ceangaltais chaipitil ilbhliantúla. Is le hús a bhaineann an chuid eile den cheangaltas.

**b) Ceangaltais chaipitil ilbhliantúla**

| **Tionscadal** | **Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020**<br>**€000** | **Caiteachas in 2021**<br>**€000** | **Ceangaltais tionscadail i mblianta ina dhiaidh sin**<br>**€000** | **Caiteachas ionchasach iomlán i rith shaolré an tionscadail 2021**<br>**€000** | **Caiteachas ionchasach iomlán i rith shaolré an tionscadail 2020**<br>**€000** |
|---|---|---|---|---|---|
| Iasacht athchóirithe don Teach Cúirte, Sráid Washington | 18,565 | 1,380 | 5,055 | 25,000 | 25,000 |

**c) Costas caipitil na dtionscadal comhpháirtíochta príobháidí poiblí**

| Tionscadail | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2020 | Caiteachas in 2021 | Ceangaltais is infhorfheidhmithe le dlí atá le comhlíonadh i mblianta ina dhiaidh sin | Iomlán an tionscadail 2021 | Iomlán an tionscadail 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Ionad na Cúirtean na Coiriúla | 256,493 | 21,224 | 310,992 | 588,709 | 589,030 |
| Beart CPP | 70,217 | 15,666 | 318,796 | 404,679 | 401,603 |
| | **326,710** | **36,890** | **629,788** | **993,388** | **990,633** |

## 2.11 Dliteanais aibithe

Ní raibh aon dliteanais aibithe ann nach raibh glanta ag deireadh na bliana (2020: nialas).

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Cuirtear an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos ar áireamh i gClár A chun costas iomlán an chláir a chur i láthair.

| | | | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | | 60,215 | 59,425 | 57,556 |
| ii | Taisteal agus cothú | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 3,013 | | | |
| | | *Forlíontach* | (600) | | | |
| | | | | 2,413 | 2,433 | 2,291 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 10,891 | | | |
| | | *Forlíontach* | 500 | | | |
| | | | | 11,391 | 12,014 | 8,290 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 2,003 | | | |
| | | *Forlíontach* | 1,300 | | | |
| | | | | 3,303 | 3,408 | 2,933 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | | | | | |
| | | *Soláthar meastacháin* | 13,520 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 1,000 | | | |
| | | | | 14,520 | 15,195 | 15,887 |
| vi | Costais áitribh oifige | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 25,276 | | | |
| | | *Forlíontach* | (5,200) | | | |
| | | | | 20,076 | 18,436 | 16,623 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | | | 100 | 167 | 217 |
| | | | | **112,018** | **111,078** | **103,797** |

**Difríochtaí suntasacha**

Tugtar sa mhéid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000) i gcaiteachas riaracháin an Vóta.

**iv Seirbhísí poist agus teileachumarsáide**

*Soláthar meastacháin €2.003 milliún; toradh €3.408 milliún*

Tharla an róchaiteachas €1.405 milliún ar phost agus ar theileachumarsáid mar gheall ar chostais phostais bhreise do ghiúróirí agus cleachtóirí dlí maidir le suíonna cúirte a athsceidealú/a chur ar ceal mar aon le méadú ar rátaí poist.

**vi Costais áitribh oifige**

*Soláthar meastacháin €25.276 milliún; toradh €18.436 milliún*

Tá an gannchaiteachas €6.84 milliún inchurtha i leith na nithe seo a leanas

- tionscadail a iarchur mar gheall ar Covid-19 - €1.4 milliún
- coigilteas ar chostais léasa sealadacha le linn phaindéim Covid-19 agus athchaibidlíocht maidir leis an léas ar an gceanncheathrú i mBaile Átha Cliath - €1.7 milliún
- laghdú ar chostas slándála mar gheall ar Covid-19 - €300,000.

Bhí an soláthar meastacháin níos mó ná an tsuim a bhí ag teastáil, agus úsáideadh an barrachas chun ceangaltais bhuiséadacha i bhfo-mhírchinn eile a chomhlíonadh.

## Clár A Na Cúirteanna a Bhainistiú agus Tacú leis na Breithiúna

| | | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán – pá | | 60,215 | 59,425 | 57,556 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | | | | |
| | *Bunaidh* | 54,803 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 1,000 | | | |
| | *Forlíontach* | (4,000) | | | |
| | | | 51,803 | 51,653 | 46,241 |
| A.3 | Teach Cúirte (oibreacha caipitil) | | | | |
| | *Soláthar meastacháin* | 4,880 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 3,895 | | | |
| | | | 8,775 | 6,058 | 5,564 |
| A.4 | Costais CPP | | 38,617 | 36,956 | 45,267 |
| | | | **159,410** | **154,092** | **154,628** |

**Difríochtaí suntasacha**

Tugtar sa mhéid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár A €9.318 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhain €4.940 milliún de sin le caiteachas riaracháin agus míníodh cheana é agus bhí an t-iarmhéid athraithis €4.378 milliún mar thoradh den chuid is mó ar an méid seo a leanas:

**A.3 Teach Cúirte (oibreacha caipitil)**

*Soláthar meastacháin €8.775 milliún; toradh €6.058 milliún*

Tharla an gannchaitheamh €2.717 milliún mar gheall ar an moill ar roinnt tionscadal tógála caipitil a chríochnú agus mar gheall ar an moill ar láithreáin i nGaillimh, ar an Nás agus i dTrá Lí a cheannach mar a bhí beartaithe.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Measta | | Réadaithe | Réadaithe |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Táillí | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 31,693 | | | |
| | | *Forlíontach* | (6,300) | | | |
| | | | | 25,393 | 24,770 | 24,612 |
| 2 | Ilghnéitheach | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,442 | | | |
| | | *Forlíontach* | (700) | | | |
| | | | | 742 | 658 | 1,024 |
| 3 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí | | | 1,498 | 1,583 | 1,498 |
| 4 | Cistí cúirte díomhaoine | | | — | — | 5,500 |
| | **Iomlán** | | | **27,633** | **27,011** | **32,634** |

### Difríochtaí suntasacha

Tugtar sa mhéid seo a leanas breac-chuntas ar na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i leithreasaí-i-gcabhair (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €7.622 milliún (28%) níos lú ná an meastachán.

**1 Táillí**

*Measta €31.693 milliún; réadaithe €24.77 milliún*

Bhí an t-ioncam ó tháillí in 2021 €6.923 milliún níos ísle ná an meastachán bunaidh mar gheall ar shrianta leibhéal 5 a bheith i bhfeidhm ar feadh an chéad cheithre mhí de 2021, mar gheall ar na srianta ama dúnta a tugadh isteach don earnáil fáilteachais, agus mar gheall ar an bhfógra ón Rialtas i mí Iúil á rá go dtarscaoilfí táillí cúirte a bhaineann le hathnuachan ceadúnas in 2021.

**2 Ilghnéitheach**

*Measta €1.442 milliún; réadaithe €658,000*

Bhí fáltais ilghnéitheacha in 2021 €784,000 (106%) níos ísle ná an meastachán bunaidh mar gheall ar laghdú ar fháltais ó Oifig an Aturnae Ghinearálta.

### 4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

| | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | — | — |
| Fíneálacha faoin Acht um Thrácht ar Bhóithre [a] | 3,958 | 3,588 |
| Fíneálacha eile [a] | 3,159 | 1,932 |
| Aisíocaíochtaí [b] | (10) | (20) |
| Fáltais eile [c] | 145 | 108 |
| Suimeanna a aistríodh chuig an Státchiste | (7,252) | (5,608) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **—** | **—** |

Nótaí

[a] Tá an méadú ar Fhíneálacha faoin Acht um Thrácht ar Bhóithre agus ar fháltais fíneálacha eile mar gheall go príomha ar an méadú ar líon na bhfíneálacha a forchuireadh/na n-íocaíochtaí a rinneadh in 2021

[b] Bhí laghdú ann ar aisíocaíochtaí in 2021 i gcomparáid le 2020 mar gheall ar na nithe seo a leanas: (i) gan aon aisíocaíochtaí a dhéanamh i leith Fógraí Muirir Sheasta in 2021, agus (ii) laghdú ar líon na n-achomharc a éisteadh agus na dtorthaí a aisiompaíodh in 2021 (i gcás gur íocadh fíneálacha) mar gheall ar Covid-19.

[c] Coimeádann Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais cistí ó Chuntas Leachtaithe na gCuideachtaí ar feadh seacht mbliana sula mbíonn siad le híoc leis an Roinn Airgeadais. Baineann fáltais 2021 le cistí a taisceadh in 2014. Is ionann iarmhéid na gcistí sin amhail an 31 Nollaig 2021 agus €5.812 milliún.

## 4.3 Fíneálacha agus táillí a bailíodh thar ceann Ranna eile

Rinneadh íocaíochtaí díreacha leis na ranna/gníomhaireachtaí rialtais seo a leanas maidir le fíneálacha agus táillí a bhailigh an tSeirbhís Chúirteanna thar a gceann in 2021.

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | — | — |
| Na Coimisinéirí Ioncaim | | |
| Fíneálacha ioncaim [a] | 456 | 485 |
| Dleacht mháil [b] | — | 1,200 |
| An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil | 23 | 23 |
| An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara [c] | 171 | 40 |
| An tsuim iomlán a aistríodh | (650) | (1,748) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **—** | **—** |

Nótaí

[a] Baineann an t-airgead a bailíodh le fíneálacha cúirte a gearradh i gcás gurb iad na Coimisinéirí Ioncaim an t-ionchúisitheoir.

[b] Baineann an t-airgead a bailíodh le táillí ar iarratais áirithe ar cheadúnú ar nós uaireanta oscailte a fhadú agus orduithe díolúine speisialta, ar nithe iad a fhaigheann an tSeirbhís Chúirteanna thar ceann na gCoimisinéirí Ioncaim. Níor bailíodh aon dleacht mháil in 2021, go príomha mar gheall ar an bhfógra ón Rialtas i mí Iúil á rá go dtarscaoilfí táillí cúirte a bhaineann le hathnuachan ceadúnas in 2021.

[c] Bhí méadú mór ann ar na fíneálacha a bhí iníoctha leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara in 2021 i gcomparáid le 2020. Tharla sé sin mar gheall ar roinnt fíneálacha ardluacha ón gCúirt Chuarda a fuarthas in 2021.

# Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

## 5.1 Líon fostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | 1,120 | 1,106 |

## 5.2 Pá

| | 2021 €000 | 2020 €000 |
|---|---|---|
| Pá | 53,767 | 52,252 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 313 | 269 |
| Liúntais eile | 797 | 815 |
| Ragobair | 237 | 212 |
| ÁSPC an fhostóra | 4,311 | 4,008 |
| **Pá iomlán** | **59,425** | **57,556** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon faighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2021 € | 2020 € |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 107 | 8 | 16,273 | 17,605 |
| Liúntais eile | 201 | 12 | 22,171 | 20,873 |
| Ragobair | 115 | 6 | 22,227 | 17,809 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 60 | 14 | 26,672 | 22,097 |

## 5.4 Socruithe luach saothair eile

Forchúitíodh costais tuarastail €157,445 ó bhinsí agus ranna rialtais i leith baill foirne ar iasacht. Níl aon fhorchúiteamh fós amuigh i leith 2021.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí tuarastail

| ag an 31 Nollaig | Líon faighteoirí | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí | 84 | 241,315 | 168,637 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 20 | 42,256 | 52,869 |

Tháinig 44 chás nua dar luach €138,515 chun cinn in 2021. Tá pleananna forchúitimh i bhfeidhm i leith ceithre chás (€13,607) agus níl aon phleananna forchúitimh i bhfeidhm i leith an 40 cás eile (€124,907). Tugadh 40 cás ar aghaidh ó 2020. Díobh sin, tá pleananna forchúitimh i bhfeidhm i leith 16 chás (€28,648) agus níl aon phleananna forchúitimh i bhfeidhm i leith na 24 chás eile (€74,153).

## 5.6 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Amhail an 31 Nollaig 2021, bhí tuarastal reatha an Oifigigh Cuntasaíochta ag grád Ard-Rúnaí Leibhéal III, agus olltuarastal bliantúil €202,604 ag baint leis an ngrád sin (€200,598 amhail an 31 Nollaig 2020).

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Cúiteamh agus costais dlí

**Íocaíochtaí/costais a d'íoc an tSeirbhís Chúirteanna i rith na bliana**

| | Éilimh ó fostaithe | | Éilimh ó daoine den phobal | | Iomlán 2021 | Iomlán 2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Sciorrthaí, tuislí agus titimí | Eile | Sciorrthaí, tuislí agus titimí | Eile | | |
| Líon na gCásanna | 1 | 5 | 6 | 24 | 36 | 41 |
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Costais dlí na Seirbhíse Cúirteanna féin | — | 9 | 8 | 78 | 95 | 272 |
| Íocaíochtaí a rinne an tSeirbhís Chúirteanna nó a rinneadh thar a ceann | | | | | | |
| Cúiteamh | — | — | — | 198 | 198 | 7 |
| Costais dlí | 11 | — | 94 | 124 | 229 | 229 |
| Costais eile | — | — | — | — | — | — |
| **Iomlán 2021** | **11** | **9** | **102** | **400** | **522** | **507** |
| Iomlán 2020 | — | — | 2 | 505 | 507 | |

Nóta [a] Amhail an 31 Nollaig 2021, bhí na héilimh seo a leanas fós amuigh.

- Sciorradh, tuisle agus titim 6 (2020: 2)
- Eile 21 (2020: 10)

**Costais charnacha na gcásanna a cuireadh i gcrích in 2021**

| | Éilimh ó fostaithe | | Éilimh ó daoine den phobal | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | Sciorrthaí, tuislí agus titimí | Eile | Sciorrthaí, tuislí agus titimí | Eile | |
| Líon na gCásanna | 1 | — | — | 8 | 9 |
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Costais dlí na Seirbhíse Cúirteanna féin | — | — | — | — | — |
| Íocaíochtaí a rinne an tSeirbhís Chúirteanna nó a rinneadh thar a ceann | | | | | |
| Cúiteamh | — | — | — | 2 | 2 |
| Costais dlí | 1 | — | — | 83 | 84 |
| Costais eile | — | — | — | — | — |
| **Iomlán 2021** | **1** | — | — | 85 | **86** |

## 6.2 Calaois agus calaois amhrasta

| | Líon cásanna | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Calaois | 1 | 2 | — |
| Calaois amhrasta | — | — | — |

Shainaithin an tSeirbhís Chúirteanna cás calaoise/neamhrialtachta amháin in 2021. Bhí luach €1,950 ar an gcás sin agus déileáladh leis de réir bheartais agus nósanna imeachta na Seirbhíse Cúirteanna.

## 6.3 Ús prasíocaíochta

B'ionann suim an úis prasíocaíochta agus an chúitimh a tabhaíodh in 2021 agus €13,413.

## 6.4 Géilleadh iarchurtha

Cuimsíonn an géilleadh iarchurtha coigilteas €3.648 milliún i gcaiteachas caipitil in 2021 sna fo-mhírchinn seo a leanas a tugadh anonn go 2022.

| | €000 |
|---|---|
| **Tuairisc ar an bhfo-mhírcheann:** | |
| A.3 Teach Cúirte (oibreacha caipitil) | 1,134 |
| A.4 Costais CPP | 2,514 |
| | **3,648** |